



OIFIGEACH SINSEARACH FOIRNE - FOLÚNTAIS GRÁD 6

Is comhlacht rialtais í an Gníomhaireacht Tithíochta a oibríonn leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Údaráis Áitiúla agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (AHBanna) chun tithíocht agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

Is í fíis na Gníomhaireachta pobail inbhuanaithe a chur chun cinn agus a fhorbairt. Cuirimid an soláthar tithíochta chun cinn chun freastal ar riachtanais agus ar an éileamh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo trí bheith mar lárionad saineolais maidir le tithíocht, trí thacú le beartas tithíochta a fhorbairt agus cláir tithíochta éifeachtacha a chur i bhfeidhm i gcomhar le páirtithe eile.

Cuirimid réimse leathan seirbhísí ar fáil lena n-áirítear:

- Réadmhaoine do Thithíocht Shóisialta a Fhoinsiú agus a Fháil
- Rialáil na gComhlachtaí Tithíochta Faofa
- Comhairle Beartais
- Leasúchán Piríte
- Seirbhísí Soláthair Tithíochta
- Forbairt agus Bainistíocht Talún
- Tacaíocht a thabhairt d'Údaráis Áitiúla
- An Scéim Morgáiste go Cíos
- Taighde agus Anailís
- Seirbhísí Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe
- Frithghealladh Iasachtaí
- Oiliúint agus Eolas i ndáil le Cleachtóirí Tithíochta
- An Straitéis Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Tá tuilleadh faisnéise faoin nGníomhaireacht Tithíochta ar fáil ar www.housingagency.ie.

Tá an Gníomhaireacht Tithíochta ag lorg iarratas maidir le post mar Oifigeach Foirne Cúnta – Folúntais Grád 6.

Príomhdhualgais

- Ciall a bhaint as beartais, agus an t-athrú a bheadh ar nósanna dá mbarr a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm
- Aiseolas agus comhairle a chur ar fáil i ndáil le beartais
- Sonraí a phróiseáil agus anailís a dhéanamh orthu agus agus tuairiscí a ullmhú bunaithe ar na sonraí
- Tuairiscí agus ríomhaireachtaí arna n-ullmhú ag bail foirne shóisearacha a athbhreithniú agus a sheiceáil

- Seachadadh tionscadail éagsúla a bhainistiú
- Comhairle a thabhairt do pháirtithe leasmhara éagsúla maidir le beartas ag brath ar a gcuid riachtanas
- Eolas agus seisiúin oiliúna saincheaptha a eagrú agus a chur ar fáil
- Cáipéisíocht a réiteach agus í a chur i láthair lucht spéise éagsúla maidir le fadhbanna a bhaineann le tithíocht
- Cáipéisíocht teimpléid a dhréachtú lena húsáid ag páirtithe leasmhara
- Coistí agus grúpaí a éascú
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na Gníomhaireachta Tithíochta ar choistí agus ag cruinnithe.
- Áirítear i measc na ndualgas ginearálta a bheidh ort:
 - an fhoireann a bhainistiú agus maoirseacht a dhéanamh uirthi
 - an obair a phleanáil agus í a chur in ord tosaíochta
 - faisnéis a bhailiú agus a anailísiú
 - tuarascálacha a dhréachtú
- Tabhairt faoi aon fheidhmeanna sonracha eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón nGníomhaireacht tithíochta ó am go ham.

Inniúlachtaí

- **Scileanna Cumarsáide** – ábalta cumarsáid a dhéanamh go réidh, loighciúil, soiléir agus éifeachtach ó bhéal agus i scríbhinn
- **Torthaí a Sheachadadh** – iltionscadail agus gníomhartha oibre a bhainistiú agus a bhrú chun cinn go rathúil
- **Anailís agus Cinntí a Dhéanamh** – déanann anailís ar shonraí atá casta agus déanann moltaí soiléire, glacann saincheisteanna níos leithne san áireamh agus impleachtaí bainteacha nuair atá cinntí á ndéanamh
- **Bainistíocht Foirne** - Spreagann daoine agus foirne déanamh chomh maith is atá siad ábalta, spreagann dea-fheidhmíocht agus téann i ngleic le haon saincheisteanna feidhmíochta a thiocfaidh chun cinn
- **Saineolas** –Eolas ar an gcreat reachtúil/beartais tithíochta in Éirinn, lena n-áirítear Cuid V de na hAchtanna Pleanála agus Forbartha.

Scála Tuarastail - Oifigeach Foirne Sinsearach Scálaí LA

€48,540 – €49,711 – €51,124 – €53,780 – €55,365

LSI 1 - €57,337

LSI 2 - €59,320

Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála de réir bheartas an rialtais.

D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar fónamh tú díreach roimh an gceapachán.

12 Meán Lae, Dé Máirt an 3 Samhain an Dáta Deiridh a nglacfar le hlarratais

Nós Imeachta Iarratais

- Ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlánú.
- Ba cheart na hiarratais a bheith clóscríofa agus a chur ar aghaidh i bhfoirm PDF ar ríomhphost chuig recruitment@housingagency.ie.
- Ní mór d'iarratasóirí a leanas a chur ar fáil:
 - a. Litir chumhdaigh ina bhfuil cur síos ar a n-oiriúnacht don phost
 - b. foirm iarratais Gníomhaireachta Tithíochta chomhlánaithe
- Cuirfear iarratasóirí ar ghearrliosta bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear
- Ní dhéanfar iarratais neamhiomlána a mheas don ghearrliosta
- Ní ghlacfar le hiarratais in imthosca ar bith tar éis an spriocdháta
- Dícháileofar iarratas go huathoibríoch má dhéanann an t-iarratasóir canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil thar ceann an iarratasóra

Féadfaidh an Gníomhaireacht, dá lánrogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnaithe seo sa chás nach nglacann an duine a moladh don cheapachán an post nó, sa chás go nglacann an duine leis an bpost, go scarann sé/sí leis nó sa chás go dtagann folúntas eile chun cinn.